Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**12025/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0322(COD)**

**FSTR 52**
**FC 47**
**REGIO 69**
**SOC 531**
**AGRISTR 63**
**PECHE 334**
**CADREFIN 192**
**POLGEN 142**
**CODEC 1439**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meán Fómhair 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 614 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHAN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le coigeartú an réamh-mhaoinithe bliantúil i gcomhair na mblianta 2012 go 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 614 final.

---

Faoi iamh: COM(2018) 614 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2018
COM(2018) 614 final

2018/0322 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le coigeartú an réamh-mhaoinithe bhliantúil i gcomhair na mblianta 2012 go 2023**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

De réir na fianaise, an réamh-mhaoiniú bliantúil a íoctar leis na Ballstáit le haghaidh bliain chuntasaíochta ar leith, agus é imréitithe trí ghlacadh na gcuntas, is rud é a mbíonn méid mhór orduithe aisghabhála bliantúla ann dá bharr (mar shampla, EUR 6.6 billiún in 2017). Ciallaíonn sin go praiticiúil go n-iarrtar creidmheas íocaíochta ar na Ballstáit ó leithreasuithe íocaíochta i mbuiséad an Aontais le réamh-mhaoiniú bliantúil a íoc leo ar gá cuid mhór de a aisghabháil bliain dár gcionn.

Ar mhaithe le trédhearcacht a mhéadú más ea, agus le rannchuidiú le hintuarthacht na pleanála buiséad, agus le próifíl íocaíochta níos cobhsaí agus níos intuartha, is éard a bheartaítear i gcomhair trí bliana deiridh na tréimhse cur chun feidhme 2021-2023, blianta a bhfuil forluí idir iad agus an chéad tréimhse cur chun feidhme eile dar tús 2021, an réamh-mhaoiniú bliantúil a laghdú go dtí an íosmhéid riachtanach. Cuireann an cur chuige seo riachtanais íocaíochta san áireamh a eascraíonn as socruithe réamh-mhaoinithe a beartaíodh i gcomhair chláir 2021-2027 áit nach n-íocfaí ach an réamh-mhaoiniú tosaigh ina shé ghála bhliantúla[1]. Bhí sé tugtha le fios ag an gCoimisiún cheana go raibh sé i gceist aige sin a dhéanamh[2].

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Beidh an togra seo comhsheasmhach leis na forálacha maidir le bainistiú buiséadach Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) faoi mar a leagtar amach iad i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013[3]. Ní chuireann an leasú athrú struchtúrach ar na forálacha sin.

---

1 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin, agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí, COM(2018) 375 final, 29.5.2018. Is in Airteagal 84 a leagtar amach na socruithe réamh-mhaoinithe. Ós amhlaidh nach bhfuil ach cineál amháin réamh-mhaoinithe á bheartú don tréimhse 2021-2027, níl aon dealú sa téarmaíocht idir an réamh-mhaoiniú "tosaigh" agus an réamh-mhaoiniú "bliantúil". Fós féin, na socruithe réamh-mhaoinithe atá beartaithe, tá siad cosúil le socruithe an "réamh-mhaoinithe" thosaigh atá i Rialachán (AE) 1303/2013.

2 Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Buiséad an Aontais Eorpaigh: Molann an Coimisiún buiséad nua-aimseartha le haghaidh Aontas a chumhdaíonn, a chumhachtaíonn agus a chosnaíonn] COM(2018) 321 final, 2.5.2018 mar aon le Roinn 5 den Mheabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí, 29.5.2018.

3 Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2017/2305 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE)

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le tograí agus le tionscnaimh eile a ghlac an Coimisiún Eorpach. Is comhsheasmhach dó freisin le riachtanais an dea-bhainistithe bhuiséadaigh.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, sainmhínítear na comhrialacha is infheidhme maidir le Cistí SIE. Ar bhonn phrionsabal na bainistíochta comhroinnte idir an Coimisiún agus na Ballstáit, áirítear sa Rialachán seo forálacha maidir leis an bpróiseas clár-eagraithe mar aon le socruithe le haghaidh bainistiú clár (lena n-áirítear cláir airgeadais), faireachán, rialú airgeadais agus meastóireacht tionscadal.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le laghdú an réamh-mhaoinithe bhliantúil a chuireann an Coimisiún ar fáil ó bhuiséad an Aontais do na Ballstáit. Is ar leibhéal an Aontais i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a bhunaítear rátaí an réamh-mhaoinithe bhliantúil. Dá bhrí sin, tá gá le leasú ar an Rialachán seo chun leasú a dhéanamh ar na forálacha a leagtar amach sa rialachán seo. Ní leor acmhainní náisiúnta ná réigiúnacha chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb atá i gceist. Dá bhrí sin, comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta sa mhéid is nach dtéann sé thar an íosmhéid is gá chun an cuspóir sonraithe ar an leibhéal Eorpach a bhaint amach agus an méid atá riachtanach chun na críche sin. Laghdaítear an ráta réamh-mhaoinithe bhliantúil ionas go mbeidh sé ar aon dul le ceanglais shreabhadh an airgid thirim nuair a chuirtear san áireamh an méadú ar shreabhadh an airgid thirim atá ann ar bhonn na n-iarratas ar íocaíochtaí eatramhacha a eascraíonn ón luas breise atá le cur chun feidhme Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE). Le linn don Choimisiún a bheith ag bunú an ráta atá beartaithe, cuireadh san áireamh leis go bhfuil an cúlchiste feidhmíochta san áireamh cheana féin do na blianta atá i gceist chomh fada agus a bhaineann leis an mbonn atá faoi na céatadáin, agus dá réir sin, gur féidir an méid céanna réamh-mhaoinithe a ráthú le sciar níos lú.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: leasú ar an Rialachán atá ann faoi láthair. Tá iniúchadh déanta ag an gCoimisiún i dtaobh na ndeiseanna atá ann faoin gcreat dlíthiúil agus tá sé den tuairim gur gá Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leasú.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní dhearnadh aon mheastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana.

---

Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar na hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus ar na hacmhainní le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (IO L 335, 15.12.2017, lch. 1).

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní raibh aon chomhairliúchán ann le páirtithe leasmhara seachtracha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Níor ghá saineolas seachtrach a úsáid.

- **Measúnú tionchair**

Ní mheastar go mbeidh tionchar mór eacnamaíoch, sóisialta nó comhshaoil ag an togra. Is é toradh a bheidh ar an togra an réamh-mhaoiniú bliantúil a laghdú ó 3 % den tacaíocht don chlár oibríochtúil ó na Cistí agus ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (‘CEMI’) le haghaidh na clárthréimhse ina hiomláine go dtí 1 % do na blianta 2021-2023, rud is oiriúnaí do cheanglais shreabhadh airgid thirim a eascraíonn ó chur chun feidhme an chláir. An réamh-mhaoiniú laghdaithe seo, tugann sé san áireamh na héilimh ar íocaíochtaí eatramhacha a mheastar a bheifear a chur isteach níos tapa feasta, agus tugann sé san áireamh go bhfuil an bonn atá faoi ríomh an réamh-mhaoinithe bhliantúil le haghaidh na mblianta sin á mhéadú de réir mhéid an chúlchiste feidhmíochta, cúlchiste a bheidh á leithdháileadh faoin am sin go cinnte, mar aon le réamh-mhaoiniú a bheidh ar fáil do na Ballstáit don chlárthréimhse 2021-2027.

Ós amhlaidh go gcuirtear réamh-mhaoiniú bliantúil ar fáil i gcomhair bliain chuntasaíochta a chlúdaíonn dhá bhliain bhuiséadacha bhliantúla, déanfar an fuílleach a íoctar i mbliain N ina réamh-mhaoiniú bliantúil, a imréiteach i mbliain N+1, rud a mbíonn sreabhadh íocaíochta gan ghá mar thoradh air, agus gan aon bhreisluach le baint as. An laghdú a chuirfear ar an ráta réamh-mhaoinithe bhliantúil do na blianta atá beartaithe, rannchuideoidh sé le cur le hintuarthacht na pleanála buiséadaí, agus le próifíl íocaíochta a bheidh níos cobhsaí agus níos intuartha, agus le laghdú ar bhaol na riaráistí íocaíochta, agus le breis trédhearcachta sna riachtanais íocaíochta agus, dá bhrí sin, le bainistiú buiséadach feabhsaithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní tionscnamh faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) an clár seo.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon impleachtaí ag an togra seo do chosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ar leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí ós rud é nach bhfuil aon mhodhnú beartaithe ar na méideanna uasta de chistiú SIE dá bhforáiltear sna cláir oibríochtúla don chlárthréimhse 2014-2020.

Déantar an tionchar iomlán ar leithreasuithe íocaíochta a neodrú. Faoi mar a shonraítear sa ráiteas airgeadais atá i gceangal leis an togra, is rud é an t-athrú atá molta a rannchuideoidh le laghdú ar leithreasuithe íocaíochta a bhaineann leis an mbliain 2021 arb é laghdú na méideanna réamh-mhaoinithe bliantúla is cúis leo go hiomlán, rud a chúiteofar sna riachtanais íocaíochta ardaithe i gcomhair na bliana 2024. Don bhliain 2022 agus don bhliain 2023, beidh fritháireamh i gcreat scrúdaithe agus glactha na gcuntas don ísliú sa ráta réamh-airgeadaithe bhliantúil, agus dá bhrí sin is neodrach don éifeacht a bheidh i gceist.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach. Is féidir na córais seachadta reatha CSIE a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an togra seo.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Modhnófar Airteagal 134(2) chun réamh-mhaoiniú bliantúil na mblianta 2021 go 2023 don chlár oibríochtúil a ísliú ón 3 % is infheidhme faoi láthair go dtí 1 % de mhéid na tacaíochta ó na Cistí agus ó CEMI le haghaidh na clárthréimhse ina hiomláine. Coimeádfar réamh-mhaoiniú bliantúil na bliana 2020 don chlár oibríochtúil ar 3 % de mhéid na tacaíochta ó na Cistí agus ón CEMI le haghaidh na clárthréimhse ina hiomláine.

2018/0322 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le coigeartú an réamh-mhaoinithe bhliantúil i gcomhair na mblianta 2012 go 2023**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] na forálacha coiteanna agus ginearálta is infheidhme maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.

(2) Tá le tuiscint ón bhfianaise go socraítear an réamh-mhaoiniú bliantúil ag an-ard i gcomparáid leis na ceanglais bainistithe airgeadais a eascraíonn ó chur chun feidhme na gclár oibríochtúil; is amhlaidh atá go mór mór i gcás na mblianta buiséadacha 2021 go 2023.

(3) Ar mhaithe le cuid den bhrú a bhaint de leithreasuithe íocaíochta i mbuiséad an Aontais i gcomhair na mblian buiséadacha 2021 go 2023, agus le cur le hintuarthacht na gceanglas íocaíochta, rud a rannchuideoidh le breis trédhearcachta sa phleanáil bhuiséadach, agus rud a chuirfidh ord sa phróifíl íocaíochta, ba cheart ráta an réamh-mhaoinithe bhliantúla a laghdú i gcomhair na mblianta sin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leasú dá réir sin,

4 IO C , , lch. .

5 IO C , , lch. .

6 Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Airteagal 134(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fleasc:

"— 2020: 3 %";

(b) Cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas:

"— 2021 go 2023: 1 %."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le leibhéal an réamh-mhaoinithe bhliantúil a choigeartú i gcomhair na mblianta 2021-2023 |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[7]

| |
|---|
| FOSTAÍOCHT, GNÓTHAÍ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA, AGUS AN BEARTAS RÉIGIÚNACH AGUS UIRBEACH<br><br>GNÓTHAÍ MUIRÍ AGUS IASCACH |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[8]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

| |
|---|
| <u>Cuspóir sonrach Uimh.</u><br><br>Neamhbhainteach<br><br><u>Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann</u><br><br>Neamhbhainteach |

7 ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: Buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

8 Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

| Neamhbhainteach |
|---|

*1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

| Neamhbhainteach |
|---|

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

| Neamhbhainteach |
|---|

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE*

| Neamhbhainteach |
|---|

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| Neamhbhainteach |
|---|

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

| Neamhbhainteach |
|---|

### 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☒Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ó 2021 go 2024

– ☒ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2024

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

### 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[9]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☒ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas::

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| Neamhbhainteach |
| --- |

[9] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. Na rioscaí a aithníodh.*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

*2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm.*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

*2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis.*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | Dif./Neamh dhif[10]. | ó thíortha de chuid CSTE[11] | ó thíortha is iarrthóirí[12] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 1B - Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach | 04 02 60 – Ciste Sóisialta na hEorpa – Réigiúin lagfhorbartha | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| | 04 02 61 – Ciste Sóisialta na hEorpa – Réigiúin trasdula | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| | 04 02 62 – Ciste Sóisialta na hEorpa – Réigiúin atá níos forbartha | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| | 04 02 64 – Fostaíocht don Aos Óg Tionscnamh | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| | 13 03 60 - Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa — Réigiúin lagfhorbartha | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| | 13 03 61 - Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa — Réigiúin Trasdula atá ag athrú | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| | 13 03 62 - Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa — Réigiúin atá níos forbartha | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| | 13 03 63 - Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa — Leithdháileadh breise le haghaidh na réigiún is | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

10 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

11 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

12 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | forimeallaí<br>agus na réigiún is lú daonra | | | | | |
| | 13 03 64 01 - Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa — an comhar críochach Eorpach | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| | 13 04 60 - An Ciste Comhtháthaithe | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 2 - Fás Inbhuanaithe: Acmhainní Nádúrtha | 11 06 60 - An t-iascach inbhuanaithe iomaíoch a chur chun cinn mar aon leis<br>an dobharchultúr, agus forbairt chothrom<br>agus chuimsitheach na limistéar iascaigh freisin<br>agus cur chun feidhme an chomhbheartais<br>iascaigh a chothú | Difr | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh: Neamhbhainteach

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | 1B | Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach |
|---|---|---|

| **AS EMPL** | | | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| 04 02 60 | Íocaíochtaí | (1) | -1 013,958 | 0,000 | 0,000 | 1 013,958 | 0,000 |
| 04 02 61 | Íocaíochtaí | (2) | -249,832 | 0,000 | 0,000 | 249,832 | 0,000 |
| 04 02 62 | Íocaíochtaí | (3) | -504,477 | 0,000 | 0,000 | 504,477 | 0,000 |
| 04 02 64 | Íocaíochtaí | (4) | -88,224 | 0,000 | 0,000 | 88,224 | 0,000 |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach[13] | | | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS EMPL** | Íocaíochtaí | | -1 856,491 | 0,000 | 0,000 | 1 856,491 | 0,000 |

13 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| AS REGIO | | | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| 13 03 60 | Íocaíochtaí | (1) | -2 608,675 | 0,000 | 0,000 | 2 608,675 | 0,000 |
| 13 03 61 | Íocaíochtaí | (2) | -509,195 | 0,000 | 0,000 | 509,195 | 0,000 |
| 13 03 62 | Íocaíochtaí | (3) | -647,801 | 0,000 | 0,000 | 647,801 | 0,000 |
| 13 03 63 | Íocaíochtaí | (4) | -31,108 | 0,000 | 0,000 | 31,108 | 0,000 |
| 13 03 64 01 | Íocaíochtaí | (5) | -186,707 | 0,000 | 0,000 | 186,707 | 0,000 |
| 13 04 60 | Íocaíochtaí | (6) | -1 265,652 | 0,000 | 0,000 | 1 265,652 | 0,000 |
| Leithreasuithe de chineál an riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach[14] | | | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS REGIO** | Íocaíochtaí | | -5 249,139 | 0,000 | 0,000 | 5 249,139 | 0,000 |

[14] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Íocaíochtaí | | -7 105,630 | 0,000 | 0,000 | 7 105,630 | 0,000 |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach | | | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 1B** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | | **-7 105,630** | **0,000** | **0,000** | **7 105,630** | **0,000** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **2** | **Fás Inbhuanaithe: Acmhainní Nádúrtha** |
|---|---|---|

| **AS MARE** | | | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| 11 06 60 | Íocaíochtaí | (1) | -114,987 | 0,000 | 0,000 | 114,987 | 0,000 |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach[15] | | | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS MARE** | Íocaíochtaí | | **-114,987** | **0,000** | **0,000** | **114,987** | **0,000** |

[15] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

**Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Íocaíochtaí | | -7 220,617 | 0,000 | 0,000 | 7 220,617 | 0,000 |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach | | | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** | **Neamhbhainteach** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Íocaíochtaí | | **-7 220,617** | **0,000** | **0,000** | **7 220,617** | **0,000** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN Ard-Stiúrthóireacht** <…….> | Leithreasuithe | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N**[16] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | | | | | | | | |

16 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[17] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[18]... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

[17] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[18] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[19] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5**[20] **den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eilede chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlánlasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha

19 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

20 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[21] | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón gclúdach iomlánaíoch) | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| XX 01 04 yy [22] - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| XX 01 04 yy [22] - toscaireachtaí | | | | | | | |
| XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

[21] CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

[22] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
  - ☐ ar acmhainní dílse
  - ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[23] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[23] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.